CINNEADH (CBES) 2023/509 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Márta 2023

maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na Nígire i gcomhar le misean comhpháirtíochta míleata an Aontais sa Nígir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ([1]) ón gComhairle, bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána chun go maoineodh Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, tá an tSaoráid Eorpach Síochána le húsáid chun bearta cúnaimh a mhaoiniú cosúil le gníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí maidir le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) Tá ról nach beag ag an Nígir i gcroíthionscnaimh thábhachtacha réigiúnacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta darb aidhm an tsíocháin agus an fhorbairt a neartú sa tSaiheil, lena n-áirítear Straitéis Chomhtháite an Aontais sa tSaiheil, an Chomhghuaillíocht don tSaiheil agus an Chomhpháirtíocht um Shlándáil agus Cobhsaíocht sa tSaiheil (P3S), chomh maith le Comhaontas na Saiheile. Tá iarrachtaí nach beag déanta ag an gcomhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tAontas, tacú le Poblacht na Nígire sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta le cúpla bliain anuas. Tá an tAontas tiomanta don dlúthchaidreamh leis an Nígir ar mhaithe le tacú leis an arm agus leis an gcosaint sa tír sin.

(3) Is tír lárnach i réigiún na Saiheile í an Nígir don Aontas ó thaobh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála agus imirce. Tá comhpháirtíocht láidir ag an Aontas le rialtas na Nígire, darb aidhm forbairt fhadtéarmach a bhaint amach trí chur chuige cuimsitheach comhtháite.

(4) An 12 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle cinneadh (CBES) 2022/2444 ([2]), lenar bunaíodh misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger). Is é cuspóir straitéiseach EUMPM Niger tacú le fothú acmhainneachta Fhórsaí Armtha na Nígire (*Forces armées nigériennes* – FAN), chun feabhas a chur ar a gcumas an bhagairt ó ghrúpaí armtha sceimhlitheoireachta a shrianadh, an daonra sa Nígir a chosaint agus timpeallacht shábháilte shlán a áirithiú.

(5) An 20 Eanáir 2023, fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála iarraidh ó Phoblacht na Nígire ar an Aontas cúnamh a thabhairt do FAN chun príomhthrealamh a sholáthar chun cathlán tacaíochta ceannais agus cumarsáide a chruthú, i gcomhar le EUMPM Niger.

(6) Tá bearta cúnaimh le cur chun feidhme agus na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509 á gcur san áireamh, go háirithe comhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([3]), agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur chun feidhme an ioncaim agus an chaiteachais a mhaoinítear faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2444 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) (IO L 319, 13.12.2022, lch. 86).

([3]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe trealaimh agus teicneolaíochta míleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

(7) Beidh an cur chun feidhme an bhirt chúnaimh faoi réir measúnú tráthrialta ar fhorbairtí polaitiúla sa Nígir, i gcomhréir leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a mheasúnú agus a shainaithint. Níor cheart don chur chun feidhme, go háirithe, leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstáit a shárú.

(8) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, agus an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú, cuspóir, raon feidhme agus ré

1. Leis seo, bunaítear beart cúnaimh a théann chun tairbhe Phoblacht na Nígire ("an tairbhí"), atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána ("an beart cúnaimh").

2. Is é is cuspóir don bheart cúnaimh cur le hacmhainneacht mhíleata Fhórsaí Armtha na Nígire (*Forces armées nigériennes* – FAN) i gcomhar le misean comhpháirtíochta míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) le go mbeidh ar a gcumas sláine críche agus ceannasacht na Nígire a chosaint agus chun gur fearr a chosnófar an pobal sibhialta ar an mbagairt sceimhlitheoireachta atá ag dul i méid.

3. Chun an cuspóir atá leagtha amach i mír 2 a bhaint amach, tacóidh an beart cúnaimh le cathlán tacaíochta comharthaíochta agus ceannais a chruthú (*bataillon de transmissions et d'appui au commandemen* – BTAC) i réigiún Tillabéry agus maoineoidh sé an méid seo a leanas:

(a) soláthar na gcineálacha trealaimh seo a leanas nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt:

   (i) sócmhainní soghluaisteachta talún amhail feithiclí comharthaíochta, feithiclí mearfhreagartha, agus feithiclí craicinn crua;

   (ii) trealamh faireachais- lena n-áirítear radar faireachais ar an talamh agus faireachas Aerárthaí gan Foireann (UAVanna);

   (iii) trealamh nó córais TF agus cumarsáide, nó an dá rud;

   (iv) trealamh frithbheart, amhail trealamh in aghaidh Gairis Phléascacha Sheiftithe (counter-IED) agus trealamh in aghaidh Aerárthaí gan Foireann (counter-UAV); agus

(b) an bonneagar seo a leanas a sholáthar:

   (i) stórais;

   (ii) foirgneamh rialaithe;

   (iii) beairicí.

4. Mairfidh an beart cúnaimh ar feadh tréimhse 36 mí ón dáta a thabharfar an conradh i gcrích idir an riarthóir um bearta cúnaimh, ag gníomhú mar oifigeach údarúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 32(2), pointe (a), de Chinneadh (CBES) 2021/509.

Airteagal 2

Socruithe airgeadais

1. EUR 40 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána a chur chun feidhme.

Airteagal 3

Socruithe leis an tairbhí

1. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála pé socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann an tairbhí na ceanglais agus na coinníollacha a bhunaítear leis an gCinneadh seo mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mbeart cúnaimh.

2. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonfaidh aonaid FAN dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh an dlí ábhartha idirnáisiúnta, go háirithe cearta idirnáisiúnta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta chomh maith le tiomantas rialtas na Nígire feabhas a chur ar chomhrac an éillithe;

(b) go mbaintear úsáid chuí agus éifeachtúil as aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) go ndéantar cothabháil leordhóthanach ar aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus go mbeidh siad ar fáil go hoibríochtúil i gcaitheamh a saolré;

(d) nach gcaillfear aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh, ná nach n-aistreofar iad gan toiliú ón gChoiste um an tSaoráid arna bhunú faoi Chinneadh (CBES) 2021/509 chuig aon duine nó eintiteas seachas chucu siúd a shainaithnítear sna socruithe sin, ag deireadh a saolré.

3. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a fhionraí agus a fhoirceannadh faoin mbeart cúnaimh i gcás ina suitear go bhfuil na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

Airteagal 4

Cur chun feidhme

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509, agus leis na rialacha maidir leis an ioncam agus an caiteachas faoin tSaoráid Eorpach Síochána a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Déanfaidh Aireacht Cosanta na hIodáile na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme trína *Agenzia Industrie Difesa*.

Airteagal 5

Faireachán, rialú agus meastóireacht

1. Déanfaidh an tArdionadaí faireachán ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3 arna dhéanamh ag an tairbhí. Leis an bhfaireachán sin, músclófar feasacht ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sáruithe ar na hoibleagáidí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3, agus rannchuideofar le sáruithe den sórt sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta ag aonaid FAN dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh.

2. Déanfar rialú an trealaimh agus na soláthairtí tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(a) fíorú ar a seachadadh, trína bhfuil na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh iad, le deimhnithe seachadta a shíniú tráth a aistreofar úinéireacht;

(b) tuairisciú a dhéanamh, trína bhfuil an tairbhí le tuairisciú go bliantúil ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh leis an trealamh arna sholáthar ag an mbeart cúnaimh agus ar fhardal na n-ítimí ainmnithe go dtí go measfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) nach bhfuil gá leis an tuairisciú sin a thuilleadh;

(c) cigireachtaí ar an láthair, nuair atá an tairbhí le rochtain a dheonú don Ardionadaí chun rialú ar an láthair a dhéanamh arna iarraidh sin dó.

3. Déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht deiridh ar an mbeart cúnaimh a thabhairt chun críche chun a mheas ar rannchuidigh an beart cúnaimh leis an gcuspóir a luaitear in Airteagal 1(2) a bhaint amach.

Airteagal 6

Tuairisciú

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, soláthróidh an tArdionadaí tuarascálacha tráthrialta don Choiste Polaitiúil agus Slándála maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme ioncaim agus caiteachais, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis faoi na soláthraithe agus na fochonraitheoirí lena mbaineann.

Airteagal 7

Fionraí agus foirceannadh

1. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinneadh a dhéanamh cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

2. Ina theannta sin, féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a mholadh don Chomhairle go bhfoirceannfaí an beart cúnaimh.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. EDHOLM